V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11214 – MUBADALA CAPITAL / FORTRESS MANAGEMENT / FIG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 307/06)

1. An 24 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mubadala Capital LLC ('Mubadala Capital', an Araib Shádach), faoi rialú Mubadala Investment Company PJSC (an Araib Shádach),

— FIG Buyer GP ('Fortress Management', Stáit Aontaithe Mheiriceá), eintiteas nuabhunaithe atá faoi lánúinéireacht comhaltaí d'fhoireann bainistíochta reatha Fortress Investment Group LLC,

— Fortress Investment Group LLC ('FIG', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Mubadala Capital agus Fortress Management rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar FIG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí leasanna cothromais a cheannach agus trí chomhaontú comhpháirtíochta teoranta.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Mubadala Capital fochuideachta bainistíochta sócmhainní MIC,

— Tá Fortress Management faoi úinéireacht comhaltaí d'fhoireann reatha bainistíochta FIG,

— Is gnólacht bainistíochta infheistíochta éagsúlaithe é Fig.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11214 – MUBADALA CAPITAL / FORTRESS MANAGEMENT / FIG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË